



Ciorclán 0010/2023

Chuig: Príomhoide/Rúnaí Bhord Bainistíochta gach Pobalscoile/Scoile Cuimsithí

Athbhreithniú Tuarastal do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023 (“An Comhaontú”)

Cur i bhfeidhm na gcoigeartuithe pá atá dlite an 1 Márta 2023

1. Is mian leis an Aire Oideachais údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas faoi na rátaí athbhreithnithe tuarastail agus liúntas do Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha a mbeidh éifeacht leo ón 1 Márta 2023 dá bhforáiltear faoi “Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2023” arna athbhreithniú.
2. Leagtar amach sa chiorclán seo na méaduithe pá atá dlite ón 1 Márta 2023 mar a leasú ar an gComhaontú.

Méaduithe Tuarastail atá le cur chun feidhme faoin gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart

3. Comhaontaíodh coigeartú pá 2% tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart. Cuirfear an coigeartú sin chun feidhme le héifeacht ón 1 Márta 2023.
4. De réir Chuid 3.1 den chomhaontú dar teideal Ag Dul Ó Neart go Neart, méadófar tuarastail bhliantúla lánaimseartha ar an mbunscála faoi 2% le héifeacht ón 1 Márta 2023.
5. Tá na scálaí tuarastail athbhreithnithe do na baill foirne lena mbaineann leagtha amach in Aguisín 1.
6. Le héifeacht ón 1 Márta 2023, glacfaidh téarmaí an Chiorcláin seo áit gach scála tuarastail is iníoctha le Rúnaithe Scoile agus Baill Foirne Cothabhála i bPobalscoileanna agus i Scoileanna Cuimsitheacha.
7. Athbhreithneofar pá na mball foirne páirtaimseartha, de réir gnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá na mball foirne lánaimseartha lena mbaineann siad chun críocha pá de réir an Chiorcláin seo.
8. I gcás gráid a bhfuil feidhm ag an gclóirclán seo maidir leo, ba cheart íocaíochtaí a bhaineann le ragobair a chuirfidh baill de na gráid sin i gcrích an 1 Márta 2023 nó ina dhiaidh a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Márta 2023.

Liúntais

9. Foráiltear leis an gComhaontú do mhéaduithe ar liúntais phá freisin, ar méaduithe iad a bheidh cothrom le 2% ón 1 Márta 2023. Maidir le liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonrath nó mar sciar sonrath den bhunphá, ba cheart iad a ríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá a mbeidh éifeacht leo ón 1 Márta 2023.

Asbhaintí as pá

10. Déanfar asbhaintí as pá a shloinntear mar chéatadán de phá (e.g., pleananna leanúnachas ioncaim, síntiúis cheardchumann) a athríomh trí thagairt a dhéanamh do na rátaí athbhreithnithe pá dá bhforáiltear sa litir seo.

Pinsin atá á n-íoc

11. Comhaontaíodh prionsabal na paireachta pá i méaduithe pinsin do scéimeanna a bhí ann cheana suas go dtí deireadh na bliana 2023 ar aon dul leis an gcomhaontú leasaithe a rinneadh faoin gcomhaontú dar teideal 'Ag Dul Ó Neart go Neart'. Ba cheart méaduithe a chur ar aghaidh chuig pinsin de réir an bheartais sin i.e. méadú 2% le héifeacht ón 1 Márta 2023.
12. Chun treoir bhreise a fháil, nó chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil pinsin atá á n-íoc faoi scéimeanna pinsean atá ann cheana le méadú stairiúil a fháil, féach an treoir atá i gCiorcláin 20/2017, 02/2018, 19/2019 agus 10/2021 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ba cheart aon cheisteanna maidir leis na ciorcláin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chur chuig pensions@per.gov.ie.
13. Déantar pinsin na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair') a uasráitíl ar aon dul leis an Treoir-Uimhir Praghsanna do Thomhaltóirí. Dá bhrí sin, maidir le pinsin atá á n-íoc i leith iarsheirbhísigh poiblí a d'fhóin ag gráid a bhfuil feidhm ag an gCiorclán seo maidir leo, ní choigeartófar iad trí thagairt do na hathbhreithnithe ar an mbunphá atá leagtha amach i Rannán 3.

Scaipeadh agus Ceisteanna

14. Cinntigh go dtabharfar cóipeanna den Chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta agus go dtarraingeofar aird na mball foirne uile lena mbaineann ar a bhfuil ann, lena n-áirítear iad sin atá as láthair le cead.
15. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag <https://www.gov.ie/ga/ciorclain/>
16. Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh trí ríomhphost chuig sdinfo@education.gov.ie

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Airgeadas Scoileanna agus
Bunachar Sonraí
20 Feabhra 2023

Mark Bohan
Príomhoifigeach
Caidreamh Foirne
Seachtrach

Aquisín 1:

**SCÁLAÍ PÁ DO RÚNAITHE SCOILE I bPOBALSCOILEANNA AGUS I
SCOILEANNA CUIMSITHEACHA A mBEIDH ÉIFEACHT LEO ÓN 1
MÁRTA 2023**

Grád III¹:

Pointe Scála	Ráta ón 01/03/2023²	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023³
1	€29,282	€27,145
2	€30,141	€28,861
3	€31,392	€29,282
4	€32,645	€30,141
5	€33,902	€31,392
6	€34,811	€32,645
7	€35,844	€33,902
8	€37,039	€34,811
9	€37,889	€35,844
10	€39,076	€37,039
11	€40,270	€37,889
12	€42,516	€39,075
13	€42,516	€40,270
14		€42,516
15		€42,516
Incrimint Fadseirbhíse*	€44,111	€44,111

** tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*

¹ Cód párolla: G3 & G3NE

² Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

³ Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis

Grád IV⁴:

Pointe Scála	Ráta ón 01/03/2023⁵	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023⁶
1	€34,479	€31,550
2	€36,596	€33,635
3	€38,537	€34,479
4	€40,239	€36,595
5	€41,882	€38,537
6	€44,103	€40,239
7	€45,708	€41,882
8	€47,340	€44,103
9		€45,708
10		€47,340
Incrimint Fadseirbhíse 1*	€48,838	€48,838
Incrimint Fadseirbhíse 2**	€50,346	€50,346

** tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasmhéid*

*** tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an gcéad Incrimint Fadseirbhíse*

⁴ Cód párolla: G4 & G4NE

⁵ Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

⁶ Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA
TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATHA
(CATHAIR CHORCAÍ SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH)**

Feighlí⁷	Ráta ón 01/03/2023⁸	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023⁹
Ar Earcaíocht	€35,457	€32,439
tar éis 6 mhí	€35,639	€33,164
tar éis bliain go leith	€35,813	€35,457
tar éis 2 bhliain go leith	€35,813	€35,639
tar éis 3 bliana go leith	€35,827	€35,813
tar éis 4 bliana go leith	€35,925	€35,813
tar éis 5 bliana go leith	€36,022	€35,827
tar éis 6 bliana go leith	€36,127	€35,925
tar éis 7 mbliana go leith	€36,227	€36,022
tar éis 8 mbliana go leith	€36,330	€36,127
tar éis 9 mbliana go leith	€36,440	€36,227
tar éis 10 mbliana go leith	€36,550	€36,330
tar éis 11 bhliain go leith	€36,652	€36,440
tar éis 12 bhliain go leith		€36,550
tar éis 13 bliana go leith		€36,652

⁷ Cód párolla: MA01 & MA01NE

⁸ Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

⁹ Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA
CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH**

Freastalaí¹⁰	Ráta ón 01/03/2023¹¹	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023¹²
Ar Earcaíocht	€34,581	€31,643
tar éis 6 mhí	€34,764	€32,372
tar éis bliain go leith	€34,934	€34,581
tar éis 2 bhliain go leith	€35,033	€34,764
tar éis 3 bliana go leith	€35,134	€34,934
tar éis 4 bliana go leith	€35,229	€35,033
tar éis 5 bliana go leith	€35,330	€35,134
tar éis 6 bliana go leith	€35,430	€35,229
tar éis 7 mbliana go leith	€35,535	€35,330
tar éis 8 mbliana go leith	€35,640	€35,430
tar éis 9 mbliana go leith	€35,748	€35,535
tar éis 10 mbliana go leith	€35,748	€35,640
tar éis 11 bhliain go leith	€35,787	€35,748
tar éis 12 bhliain go leith		€35,748
tar éis 13 bliana go leith		€35,787

¹⁰ Cód párolla: MA07 & MA07NE

¹¹ Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

¹² Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis

**PÁ FEIGHLITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA CUIMSITHEACHA
TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH (CATHAIR CHORCAÍ
SAN ÁIREAMH Ó 1989 I LEITH) (Neamhbhail na Scéime Pinsin)**

Feighlí¹³	Ráta ón 01/03/2023¹⁴	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023¹⁵
Ar Earcaíocht	€35,425	€32,411
tar éis 6 mhí	€35,609	€33,135
tar éis bliain go leith	€35,784	€35,425
tar éis 2 bhliain go leith	€35,784	€35,609
tar éis 3 bliana go leith	€35,801	€35,784
tar éis 4 bliana go leith	€35,897	€35,784
tar éis 5 bliana go leith	€35,994	€35,801
tar éis 6 bliana go leith	€36,096	€35,897
tar éis 7 mbliana go leith	€36,198	€35,994
tar éis 8 mbliana go leith	€36,301	€36,096
tar éis 9 mbliana go leith	€36,409	€36,198
tar éis 10 mbliana go leith	€36,519	€36,301
tar éis 11 bhliain go leith	€36,622	€36,409
tar éis 12 bhliain go leith		€36,519
tar éis 13 bliana go leith		€36,622

¹³ Cód párolla: MA02 & MA02NE

¹⁴ Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

¹⁵ Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis

**PÁ FREASTALAITHE I bPOBALSCOILEANNA & I SCOILEANNA
 CUIMSITHEACHA TAOBH AMUIGH DE CHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH
 (Neamhbhail na Scéime Pinsin)**

Freastalaí¹⁶	Ráta ón 01/03/2023¹⁷	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023¹⁸
Ar Earcaíocht	€34,551	€31,615
tar éis 6 mhí	€34,737	€32,345
tar éis bliain go leith	€34,907	€34,551
tar éis 2 bhliain go leith	€35,003	€34,737
tar éis 3 bliana go leith	€35,104	€34,907
tar éis 4 bliana go leith	€35,203	€35,003
tar éis 5 bliana go leith	€35,299	€35,104
tar éis 6 bliana go leith	€35,404	€35,203
tar éis 7 mbliana go leith	€35,504	€35,299
tar éis 8 mbliana go leith	€35,612	€35,404
tar éis 9 mbliana go leith	€35,717	€35,504
tar éis 10 mbliana go leith	€35,828	€35,612
tar éis 11 bhliain go leith	€35,828	€35,717
tar éis 12 bhliain go leith		€35,828
tar éis 13 bliana go leith		€35,828

¹⁶ Cód párolla: MA08 & MA08NE

¹⁷ Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

¹⁸ Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS
OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA
(Baill den scéim pinsin ranníochach)**

FEIGHLITHE ¹⁹	Ráta ón 01/03/2023²⁰	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023²¹
1	€33,935	€30,760
2	€34,191	€31,522
3	€34,295	€33,935
4	€34,398	€34,191
5	€34,492	€34,295
6	€34,492	€34,398
7	€34,492	€34,492
8	€34,492	€34,492
9	€34,583	€34,492
10	€34,692	€34,492
11	€34,834	€34,583
12	€34,973	€34,691
13	€35,112	€34,834
14		€34,973
15		€35,112

	Ón 01/03/2023
Liúntas Airígh Shinsearaigh	€82.47
Liúntas Airígh Shóisearaigh	€32.15

	Ón 01/03/2023
Liúntas Airígh Shinsearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre	€79.92
Liúntas Airígh Shóisearaigh d'airígh i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath i gcás gur ceadaíodh socruithe sealoibre	€29.59

¹⁹ Cód párolla: MA03 & MA03NE

²⁰ Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

²¹ Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis

**ZÓN BHAILE ÁTHA CLIATH, COMHAONTÚ CHLÁR UM IOMAÍOCHAS AGUS
OBAIR D'OIBRITHE GINEARÁLTA
(Neamhbhail na Scéime Pinsin)**

OIBRÍ GINEARÁLTA²²	Ráta ón 01/03/2023²³	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023²⁴
1	€33,905	€30,733
2	€34,160	€31,496
3	€34,264	€33,905
4	€34,364	€34,160
5	€34,465	€34,264
6	€34,574	€34,364
7	€34,574	€34,465
8	€34,574	€34,574
9	€34,574	€34,574
10	€34,666	€34,574
11	€34,807	€34,574
12	€34,945	€34,666
13	€35,084	€34,807
14		€34,945
15		€35,084

GLANTÓIRÍ

	Ráta ón 01/03/2023	Iontrálaí Nua Ráta ón 01/03/2023
GLANTÓIR - Ráta Páirtaimseartha	€16.99	€15.54

²² Cód párolla: MA04 & MA04NE

²³ Ceapaithe roimh 01 Eanáir 2011

²⁴ Ceapaithe ón 01 Eanáir 2011 nó tar éis